# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2024

# Scéim Mharcála

# GaeilgeT2

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Léiriú ginearálta ar ghnéithe cáilíochta.**

Bá chóir an t-ábhar a chuirtear i láthair an scrúdaitheora a mheas faoi na critéir seo a leanas:

**Fócas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir an cheist / an tasc a iarradh air/uirthi a fhreagairt?

**Smaointe**: - Cén iarracht atá déanta smaointeoireacht dhomhain a chur in iúl, mar shampla ard-smaointeoireacht, castacht na smaointeoireachta, úrnuacht na smaointeoireachta, srl?

**Forbairt**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir tuairimíocht dhomhain a phlé, ábhar spreagtha san áireamh?

**Comhleanúnachas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir cloí leis an gceist / an tasc, agus an bhfuil eagar maith ciallmhar ar an bhfreagra scríofa, mar shampla ailt, camóga in úsáid, srl?

**Léiriú**: - Cé chomh líofa agus soiléir is atá teanga an iarrthóra? An bhfuil abairtí soiléire agus ciallmhara ann? An bhfuil botúin ghramadaí ann? Cén tuiscint atá léirithe maidir le feasacht teanga, tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga? Srl.

**Sainréim teanga**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir sainréim teanga chuí a úsáid / teilgean cainte / teanga fhoirmiúil – neamhfhoirmiúil a úsáid atá oiriúnach don tasc.

**Cruthaitheacht**: - An bhfuil cruthaitheacht atá oiriúnach don tasc le sonrú? Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir a mhachnamh agus scríbhneoireacht chruthaitheach a léiriú? Srl.

**Litriú agus poncaíocht**: - Cé chomh cruinn is atá litriú agus poncaíocht an iarrthóra?

Ní cóir pionós níos airde ná 10% den mharc iomlán atá leagtha síos do aon cheist ar bith a ghearradh mar gheall ar dhroch-Ghaeilge i gcás na ceiste sin. Ó am go chéile is féidir le hiarrthóirí roinnt bheag botún litrithe agus/nó poncaíochta a dhéanamh agus gan pionós ar bith a ghearradh orthu. Is cóir do scrúdaitheoirí caighdeán an stóir focal a úsáideann an t-iarrthóir a chur san áireamh. Ní dhéantar aon mheasúnú ar litriú ná ar phoncaíocht i gceisteanna ilrogha. Anuas air sin, ní ghearrtar aon phionós mar gheall ar dhroch-Ghaeilge ar scripteanna a bhfuil an scéim mharcála mhodhnaithe le cur i bhfeidhm orthu.

| Leibhéal na bhFreagraí | Na Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| **Ard** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Fócas leanúnach ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis<br>• Smaointe léirithe atá úrnua, léirsteanach, ard-mhachnamhach, a thaispeánann cumas agus cruthaitheacht nuair is gá<br>• Forbairt chumasach ar smaointe, agus úsáidfear ábhar tacaíochta go minic agus go cruinn<br>• An t-eolas eagraithe go han-éifeachtach agus struchtúr ciallmhar soiléir air<br>• Sainréim teanga atá ábhartha don tasc in úsáid go leanúnach agus an-tuiscint léirithe tríd síos<br>• Saibhreas teanga curtha in iúl ar bhealach an-éifeachtach agus líofa a léireoidh úsáid sciliúil, uaillmhianach teanga<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán an-ard<br>• Saibhreas teanga le stór focal fairsing a léireoidh an-tuiscint ar an gceist. |
| **Meán** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Fócas ó am go chéile ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis ach beidh an fócas imithe ar strae uaireanta freisin<br>• Smaointe atá oiriúnach don tasc, machnamhach go maith agus cumas le sonrú iontu<br>• Roinnt forbartha déanta ar smaointe agus úsáidfear ábhar tacaíochta anois agus arís<br>• Ord, eagar agus struchtúr réasúnta ann, mar shampla ailt, srl. – ach ní tríd síos<br>• Sainréim teanga atá ábhartha don tasc in úsáid – ach ní tríd síos<br>• Teanga réasúnta saibhir in úsáid agus tuiscint mhaith curtha in iúl ar bhealach réasúnta soiléir agus ábalta, a léireoidh úsáid chiallmhar teanga<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán maith – ach gan a bheith saor ó locht<br>• Stór focal dóthanach a léiríonn tuiscint mhaith ar an gceist. |
| **Íseal** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Streachailt le freagra a thabhairt ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis, beidh go leor botún ann, beidh an freagra ag brath ar achoimre, ní léireofar tuiscint<br>• Smaointe loma nach bhfuil soiléir, eolas nach mbaineann leis an tasc, beagán machnaimh déanta agus tuiscint lag léirithe<br>• Fíor-bheagán forbartha déanta ar smaointe agus ní úsáidfear ábhar tacaíochta go cruinn, go minic ná ar chor ar bith<br>• Easpa tuisceana ar eagar agus ar struchtúr na teanga, an obair míshlachtmhar, mí-eagraithe agus doiléir go minic<br>• Teanga theoranta bhriste in úsáid, easpa feasachta ar chomhréir agus ar phatrúin na teanga, easnaimh bhunúsacha tríd síos<br>• Teanga theoranta curtha in iúl ar bhealach doiléir<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán íseal – go leor lochtanna tríd síos<br>• Stór focal teoranta le bearnaí móra agus botúin leanúnacha. |

## Grádú Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

| **Grád** | **Raon %** | **Raon Marcanna** |
|---|---|---|
| Gradam | ≥90 go <100 | 243 go 270 |
| Ard-Tuillteanas | ≥75 go <90 | 203 go 242 |
| Tuillteanas | ≥55 go <75 | 149 go 202 |
| Gnóthaithe | ≥40 go <55 | 108 go 148 |
| Páirt-Ghnóthaithe | ≥20 go <40 | 54 go 107 |
| (Gan Ghrádú) | ≥0 go <20 | 0 go 53 |

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí / ceart / ábhartha.<br>Obair lena ngabhann fiúntas. |
| ✖ | Crosáil/X | Earráidí móra i struchtúir agus i gcomhréir na teanga.<br><br>Eolas míchruinn |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Leathanach bán/roinn bhán feicthe ag an scrúdaitheoir |
| NR/GF | Gan freagra | Níor freagraíodh an cheist |
| 0 | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| **SMM** | Scéim mhodhnaithe Mharcála | Do iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta ceadaithe dóibh. |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 60 marc | Clustuiscint | 3 cheist |
| Roinn B | 210 marc | Léamh agus Ceapadóireacht | 6 cheist |

Freagair gach ceist.

Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá é sin.

Níl gach ceist ar cómharc. Luaitear líon na marcanna do gach ceist ag barr na ceiste.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh sa fhreagarleabhar seo. Ní gá go mbainfeá úsáid as an spás ar fad atá ar fáil. Tá spás sa bhreis ar chúl an fhreagarleabhair. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus le cuid na ceiste.

**Nóta don scrúdaitheoir:**

Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

Ní mór duit an mharcáil ar na scripteanna a léiriú díreach mar a dúradh leat, i.e. siombailí anótála, tic, crosáil, líne, etc. a chur mar a treoraíodh duit.


Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **lch 24** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil socruithe réasúnta ceadaithe dóibh.

| Roinn A | Cluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1** **(20 marc)**

Cloisfidh tú píosa cainte sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa cainte **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa cainte seo? Cuir **tic** (✓) leis an bpictiúr ceart.

|  |  |  |  |
|---|---|---|---|
| ☑ √ **= 5 mharc** | ☐ | ☐ | ☐ |

**(b)** Cuir **tic** (✓) le **dhá** chineál peata a thugann daoine chuig an gclinic.

Madraí ☑ √ **= 5 mharc**

Capaill ☐

Éin ☑ √ **= 5 mharc**

Caoirigh ☐

**(c)** Cén uair a thugann daoine a gcuid peataí chuig an gclinic?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Nuair a bhíonn siad tinn. ☑ √ **= 5 mharc**

Nuair a bhíonn siad ar laethanta saoire. ☐

Nuair a bhíonn siad i nDún na nGall. ☐

**Ceist 2** **(20 marc)**

Cloisfidh tú fógra sa cheist seo. Cloisfidh tú an fógra **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cé atá ag caint san fhógra seo?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| Gadaí | ☐ |
| Úinéir tí | ☐ |
| An Garda Síochána | √ = **5 mharc** |

**(b)** Cén contae a luaitear sa phíosa seo?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| Contae Chiarraí | √ = **5 mharc** |
| Contae Chorcaí | ☐ |
| Contae Dhún na nGall | ☐ |

**(c)** Luaigh rud **amháin** a goideadh as an teach.

*Airgead / uaireadóirí / ríomhairí / teilifíseáin* **= 5 mharc**

**(d)** Luaigh rud **amháin** a mholann na Gardaí do phobal.

*Glas a chur ar na fuinneoga / glas a chur ar na doirse / earraí luachmhara a choimeád as radharc / aláram a chur ar an teach más féidir*. **= 5 mharc**

**Ceist 3** **(20 marc)**

Cloisfidh tú comhrá sa cheist seo. Cloisfidh tú an comhrá **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thús deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**Mír 1**

**(a)** Cá háit a bhfuil Liam? Cuir **tic** (✓) leis an bpictiúr ceart.






☐ ☐ ☑ **= 5 mharc** ☐

**(b)** Scríobh síos bia **amháin** a d'ith Liam inné.

*Sceallóga / uachtar reoite* **= 5 mharc**

**Mír 2**

**(c)** Cén réiteach an-simplí atá ag Liam ar an scéal?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Fanacht sa leaba agus gan dul ar scoil. ☑ **= 5 mharc**
Éirí as an leaba agus dul ar scoil. ☐
Cabhrú lena mham sa teach ar feadh an lae. ☐

**(d)** Cén t-am a bheidh an scrúdú Mata ar siúl?

*Naoi a chlog / 9.00* **= 5 mharc**

## Roinn B — Léamh agus Ceapadóireacht — 210 marc

**Ceist 4 20** **(20 marc)**

Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.



# Kellie Harrington

**ag caint le Rick O'Shea**

**Staid Aviva,**
**Baile Átha Cliath 4**
**Dé Sathairn, 7 Iúil ar 7.00 p.m.**




**Ticéid €25**

*Bronnfar cóip shínithe de leabhar Kellie ar gach duine a bheidh i láthair.*
Is féidir an leabhar a cheannach i siopaí Eason ar fud na tíre agus ar líne freisin ag **www.leabharmaith.com**

- Cóip faoi chlúdach crua: €18.00
- Cóip faoi chlúdach bog: €12.00
- Ríomhleabhar: €10.00

**(a)** Cuir in iúl cé acu **fíor** nó **bréagach** atá na habairtí seo a leanas.
Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.

| | | **Fíor** | **Bréagach** | |
|---|---|---|---|---|
| **(i)** | Beidh Kellie Harrington ag caint le Rick O'Shea. | √ | | **= 2 mharc** |
| **(ii)** | Beidh Kellie Harrington i siopa Eason ar an Satharn 7 Iúil. | | √ | **= 2 mharc** |
| **(iii)** | Tá €18 ar chóip den ríomhleabhar. | | √ | **= 2 mharc** |
| **(iv)** | Tá ticéad ag teastáil don imeacht seo. | √ | | **= 2 mharc** |
| **(v)** | Bronnfar cóip shínithe den leabhar ar gach duine a bheidh i láthair. | √ | | **= 2 mharc** |

**(b)** Cá háit ar féidir cóipeanna den leabhar a cheannach?

*Siopaí / Eason / ar líne / www.leabharmaith.com* **= 5 mharc**

**(c)** Cén praghas atá ar chóip den leabhar faoi chlúdach bog?

*€12.00* **= 5 mharc**

**Ceist 5** **(20 marc)**

Léigh an fógra seo.



FÓGRA

## Paul Mescal

## Halla na Scoile

Tabharfaidh an t-aisteoir Paul Mescal cuairt ar an scoil tráthnóna Déardaoin, 20 Meitheamh 2024.
Beidh sé ag caint faoina shaol mar aisteoir agus freagróidh sé ceisteanna ó na scoláirí.

Ag tosú ar 2.30 p.m.

***Bígí ann!***

Scríobh teachtaireacht chuig cara leat ag insint dó/di faoi chuairt Paul Mescal ar do scoil. Tabhair **cuireadh** dó/di teacht leat chun Paul Mescal a fheiceáil. Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| **Leibhéal na bhfreagraí** | **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc **20 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Is léir go bhfuil cuireadh á thabhairt ag an iarrthóir sa teachtaireacht atá bunaithe ar an bhfógra thuas**<br>• **4 phointe luaite**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don bhFógra<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | 19 - 20<br>18<br>17 |
| **Meán** | • Scríbhneoireacht mheasartha: stór focal measartha<br>• **2-4 phointe luaite**<br>• Tuiscint réasúnta léirithe<br>• Tagairtí loma don bhFógra<br>• Smaointe laga agus gan mórán forbartha déanta<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | 15 - 16<br>13 - 14<br>10 - 12 |
| **Íseal** | • **1-4 phointe luaite**<br>• Iarracht ar achoimre ar na pointí<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | 7 - 9<br>4 - 6<br>0 - 3 |

**Ceist 6** **(30 marc)**

Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

# Cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht

Coláiste na Coille
Conamara
Co. na Gaillimhe
(**Cúrsa seachtaine**: Lúnasa 12-18)
Caith seachtain sa Ghaeltacht an samhradh seo

**Imeachtaí:**

- Ranganna Gaeilge ar maidin
- Cluichí, snámh agus siúlóidí sa tráthnóna
- Damhsa, ceol agus amhránaíocht sa halla san oíche
- Caint agus comhrá le daoine áitiúla
- Turas go hOileáin Árann ag deireadh na seachtaine






**Cúrsa seachtaine do scoláirí meánscoile**

- Lóistín ar fáil le daoine áitiúla
- Costas €300
- An spriocdháta chun clárú: 18 Meitheamh 2024
- Tuilleadh eolais: eolas@colaistenacoille.ie

**(a)** Cén saghas cúrsa atá luaite ar an bpóstaer?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Is cúrsa ceoil agus damhsa é. ☐
Is cúrsa faoi Chonamara é. ☐
Is cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht é. √ **= 3 mharc**

**(b)** Cá fhad a mhaireann an cúrsa?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Lá amháin ☐
Seachtain √ **= 3 mharc**
Deireadh seachtaine ☐

**(c)** Cad a bheidh ar siúl ar maidin?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| Amhránaíocht | ☐ |
| Damhsa agus ceol | ☐ |
| Ranganna Gaeilge | √ = **3 mharc** |

**(d)** Cad a bheidh ar siúl sa tráthnóna?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| Turas go hOileáin Árann | ☐ |
| Cluichí, snámh agus siúlóidí | √ = **3 mharc** |
| Damhsa, ceol agus amhránaíocht | ☐ |

**(e)** Luaigh imeacht **amháin** a bheidh ar siúl sa halla san oíche.

*Damhsa / ceol / amhránaíocht* **= 3 mharc**

**(f)** Cad a bheidh ar siúl ag deireadh na seachtaine?

*Turas go hOileáin Árann* **= 3 mharc**

**(g)** Cén costas atá ar an gcúrsa?

*€300* **= 3 mharc**

**(h)** Cad é an spriocdháta chun clárú don chúrsa?

*18 Meitheamh 2024* **= 3 mharc**

**(i)** Ar mhaith leat féin freastal ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

**Freagra:** *Ba mhaith / níor mhaith* **= 3 mharc**

**Fáth:** *Fáth ar bith ciallmhar* **= 3 mharc**

**Ceist 7** **(80 marc)**

Léigh an píosa seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## Taylor Swift: Réalta Cheoil

**1.** Is amhránaí agus giotáraí iontach í Taylor Swift. Tá clú agus cáil uirthi in Éirinn agus ar fud an domhain. Thosaigh sí ag canadh amhrán nuair a bhí sí an-óg agus nuair a bhí sí dhá bhliain déag d'aois, thosaigh sí ag seinm an ghiotáir. Bhíodh sí ag seinm ceoil sna caiféanna áitiúla ina dhiaidh sin. Bíonn na milliúin duine ag éisteacht le ceol Taylor Swift gach lá anois.

**2.** Rugadh Taylor Swift in Reading, Pennsylvania i Meiriceá ar an 13 Nollaig 1989. Scott agus Andrea is ainm dá cuid tuismitheoirí. Tá deartháir amháin aici atá níos óige ná í. Austin is ainm dó agus is aisteoir é. Bhí cónaí ar an teaghlach ar fheirm a cheannaigh a hathair. Thuig tuismitheoirí Taylor go raibh bua an cheoil aici. Chuir siad go Nua-Eabhrac go minic í nuair a bhí sí ina déagóir chun freastal ar ranganna ceoil agus aisteoireachta.

**3.** Bhí Taylor ag iarraidh clú agus cáil a bhaint amach mar réalta cheoil. Bhog an teaghlach go baile in aice le Nashville, Tennessee, nuair a bhí sí ceithre bliana déag d'aois. Bhí domhan an cheoil timpeall uirthi ansin agus sa bhliain 2004, thosaigh sí ag scríobh agus ag taifeadadh a cuid amhrán féin. D'eisigh sí a céad albam, *Taylor Swift*, sa bhliain 2006 agus moladh go hard é. Chuir sí na hamhráin ón albam sin ar YouTube agus ar Facebook.

**4.** Sa bhliain 2007, ainmníodh Taylor Swift mar Chumadóir/Cheoltóir na Bliana. Ba í Taylor Swift duine ab óige riamh a bhain an gradam sin amach. Fuair sí a lán poiblíochta sna nuachtáin, ar an teilifís agus ar na meáin shóisialta. D'fhás a lucht leanúna go mór ina dhiaidh sin. Chuaigh an t-amhrán "Look What You Made Me Do" óna halbam *Reputation* (2017) go barr na gcairteacha i Meiriceá, in Éirinn agus in go leor tíortha eile ar fud an domhain.

**5.** Tá a lán albam eisithe ag Taylor Swift. D'éirigh thar barr leo ar fad. Is í Taylor an duine ba mhó ar éisteadh lena cuid ceoil ar Spotify sa bhliain 2023. Beidh sí ar camchuairt in Éirinn ag deireadh mhí an Mheithimh i mbliana. Beidh ceolchoirmeacha aici i mBaile Átha Cliath. Díoladh na ticéid go léir taobh istigh de chúpla nóiméad. Ní haon ionadh go bhfuil Taylor Swift ina billiúnaí anois.

**(a)** Cén aois a bhí Taylor Swift nuair a thosaigh sí ag seinm an ghiotáir? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | | |
|---|---|---|
| 12 bhliain d'aois | √ | = **9 marc** |
| 13 bliana d'aois | | |
| 14 bliana d'aois | | |

**(b)** An mbíonn a lán daoine ag éisteacht le ceol Taylor Swift gach lá? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | | |
|---|---|---|
| Bíonn cúpla duine ag éisteacht le ceol Taylor Swift. | | |
| Bíonn roinnt daoine ag éisteacht le ceol Taylor Swift. | | |
| Bíonn na milliúin duine ag éisteacht le ceol Taylor Swift. | √ | = **9 marc** |

**(c)** Cén dáta breithe atá ag Taylor Swift? (Alt 2)

*13 Nollaig 1989* **= 9 marc**

**(d)** Cén fáth ar chuir tuismitheoirí Taylor go Nua-Eabhrac í? (Alt 2)

*Chun freastal ar ranganna ceoil agus aisteoireachta.* **= 9 marc**

**(e)** Cén bhliain a d'eisigh Taylor Swift a céad albam? (Alt 3)

*2006* **= 9 marc**

**(f)** Luaigh áit **amháin** a bhfuair Taylor Swift a lán poiblíochta. (Alt 4)

*Nuachtáin / teilifís / meáin shóisialta* **= 9 marc**

**(g)** Cén bhliain a raibh an t-amhrán "Look What You Made Me Do" ar bharr na gcairteacha? (Alt 4)

*2017* **= 9 marc**

**(h)** Cathain a bheidh Taylor Swift ar camchuairt in Éirinn? (Alt 5)

*Mí an Mheithimh / i mbliana / 2024* **= 9 marc**

**(i)** Beidh **Féile Cheoil** ar siúl go luath i do cheantar. Scríobh amach an fógra/póstaer sa spás thíos faoin bhféile cheoil sin. Scríobh faoi na pointí seo a leanas:

- ceoltóir/ceoltóirí
- áit
- praghas na dticéad
- dáta agus lá
- am
- pointe ar bith eile

| **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc **8 marc** |
|---|---|
| • 4 thagairt<br>• 3 thagairt<br>• 2 thagairt<br>• 1 tagairt | 8 marc<br>6 mharc<br>4 mharc<br>2 mharc |

**Ceist 8** **(25 marc)**

**(a)** Léigh na habairtí seo (1-6). Meaitseáil iad leis na pictiúir thíos.
Scríobh an uimhir cheart faoi gach pictiúr. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

**(1)** Téann daoine ag snámh agus ag sú na gréine anseo.
**(2)** Tá a lán crann anseo agus bíonn ceol na n-éan le cloisteáil ann.
**(3)** Bíonn daoine ag imirt cluichí agus ag traenáil anseo.
**(4)** Is áit ard an áit seo agus is maith le daoine a bheith ag siúl ann.
**(5)** Téann daoine ag iascaireacht san áit seo.
**(6)** Bíonn a lán carranna á dtiomáint anseo.

**(b)** Scríobh síos ainm na háite atá le feiceáil i ngach pictiúr thíos. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.



Abairt: *4*

Áit: *Sliabh*



Abairt: *3* **= 3 + 2**

Áit: *Páirc*



Abairt: *1* **= 3 + 2**

Áit: *Trá* /cois farraige



Abairt: *6* **= 3 + 2**

Áit: *Bóthar/mótarbhealach*



Abairt: *2* **= 3 + 2**

Áit: *Coill / foraois/páirc/*




Abairt: *5* **= 3 + 2**

Áit: *Loch / farraige / abhainn*

**Ceist 9** **(35 marc)**

Is tusa duine de na daoine óga atá le feiceáil sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.

## Lá ag múitseáil ón scoil




Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| **Leibhéal na bhfreagraí** | **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc<br>**35 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir scéal bunaithe ar na híomhánna agus ar na pointí atá luaite.**<br>• Fócas maith / ábhar úrnua / smaointe cliste<br>• 5 phointe forbartha go maith<br>• Soiléireacht agus léiriú cumasach / líofacht, éagsúlacht<br>• Scríbhneoireacht eagraithe go maith<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán ard. | 35<br>33 - 34<br>30 - 32 |
| **Meán** | • Cuid den fócas caillte / Ábhar cuí / smaointe réasúnta<br>• Forbairt theoranta ar 3/5 phointe<br>• Réasúnta soiléir ach lochtanna le sonrú<br>• Scríbhneoireacht eagraithe de shaghas<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) in úsáid ar chaighdeán réasúnta. | 26 - 29<br>22 - 25<br>18 - 21 |
| **Íseal** | • Ag streachailt leis an bhfócas, ní soiléir go tuigeadh an cheist<br>• Iarracht forbairt a dhéanamh ar 1/5 phointe<br>• Smaointe loma le fíor bheagán forbairt<br>• Mí néata, mí eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán íseal<br>• Stór focal theoranta le bearnaí móra agus botúin leanúnach. | 12 - 17<br>6 - 11<br>0 - 5 |

**Aguisín 1**

## SOCRUITHE RÉASÚNTA – Scéim Mhodhnaithe

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh.

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.
Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as Gaeilge á mheas agus á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal…
Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc don Ghaeilge á mheas agus á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an úraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

**Níor chóir duit** líne chorrach a chur faoi bhotúin litriú, faoi bhotúin phoncaíochta ná faoi bhotúin ghramadaí.

**N.B.** Cuir siombail anótála **S.M.M.** ar chlúdach/leathanach tosaigh.

### Léiriú ginearálta ar ghnéithe cáilíochta (Modhnaithe)

Bá chóir an t-ábhar a chuirtear i láthair an scrúdaitheora a mheas faoi na critéir ar seo a leanas:

**Fócas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir an cheist / an tasc a fiafraíodh dó/di a fhreagairt?

**Smaointe**: - Cén iarracht atá déanta smaointeoireacht dhomhain a chur in iúl, ard-smaointeoireacht, castacht na smaointeoireachta, úrnuacht na smaointeoireachta?

**Forbairt**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir tuairimíocht dhomhain a phlé, ábhar spreagtha san áireamh?

**Comhleanúnachas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir cloí leis an gceist / an tasc agus an bhfuil eagar maith ciallmhar ar fhreagra scríofa, ailt, camóga a úsáid srl.

**Léiriú**: - Cé chomh líofa agus soiléir atá teanga an iarrthóra? An bhfuil abairtí soiléire agus ciallmhara ann, an bhfuil botúin ghramadaí ann. Cén tuiscint atá léirithe maidir le feasacht teanga, tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga?

**Sainréim teanga**: - An iarracht atá déanta ag an iarrthóir sainréim teanga chuí a úsáid / tuin / teanga fhoirmiúil – neamhfhoirmiúil a úsáid atá oiriúnach don tasc.

**Cruthaitheacht**: - An bhfuil cruthaitheacht atá oiriúnach don tasc le sonrú, cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir a mhachnamh agus scríbhneoireacht chruthaitheach a léiriú?

**Ceist 1:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 2:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 3:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 4:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 5** **(20 marc)**

Léigh an fógra seo.



FÓGRA

Paul Mescal

**Halla na Scoile**

Tabharfaidh an t-aisteoir Paul Mescal cuairt ar an scoil tráthnóna Déardaoin, 20 Meitheamh 2024.

Beidh sé ag caint faoina shaol mar aisteoir agus freagróidh sé ceisteanna ó na scoláirí.

Ag tosú ar 2.30 p.m.

***Bígí ann!***

Scríobh teachtaireacht chuig cara leat ag insint dó/di faoi chuairt Paul Mescal ar do scoil. Tabhair **cuireadh** dó/di teacht leat chun Paul Mescal a fheiceáil. Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| **Leibhéal na bhfreagraí** | **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc **20 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Is léir go bhfuil cuireadh á thabhairt ag an iarrthóir sa teachtaireacht atá bunaithe ar an bhfógra thuas**<br>• **4 phointe luaite**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don bhFógra<br>• Smaointe forbartha go maith. | 19 - 20<br>18<br>17 |
| **Meán** | • Scríbhneoireacht mheasartha: stór focal measartha<br>• **2-4 phointe luaite**<br>• Tuiscint réasúnta léirithe<br>• Tagairtí loma don bhFógra<br>• Smaointe laga. | 15 - 16<br>13 - 14<br>10 - 12 |
| **Íseal** | • **1-4 phointe luaite**<br>• Iarracht ar achoimre ar na pointí<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach. | 7 - 9<br>4 - 6<br>0 - 3 |

**Ceist 6** **(30 marc)**

*** Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsáid na Gaeilge san áireamh.

**Ceist 7** **(80 marc)**

*** Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsáid na Gaeilge san áireamh.

**(i)** Beidh **Féile Cheoil** ar siúl go luath i do cheantar. Scríobh amach an fógra/póstaer sa spás thíos faoin bhféile cheoil sin. Scríobh faoi na pointí seo a leanas:

- ceoltóir/ceoltóirí
- áit
- praghas na dticéad
- dáta agus lá
- am
- pointe ar bith eile

| **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc **8 marc** |
|---|---|
| • 4 thagairt<br>• 3 thagairt<br>• 2 thagairt<br>• 1 tagairt | 8 marc<br>6 mharc<br>4 mharc<br>2 mharc |

**Ceist 8** **(25 marc)**

*** Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsáid na Gaeilge san áireamh.

**Ceist 9** **(35 marc)**

Is tusa duine de na daoine óga atá le feiceáil sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.

*** Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsáid na Gaeilge san áireamh.

## Lá ag múitseáil ón scoil

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| **Leibhéal na bhfreagraí** | **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc **35 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir scéal bunaithe ar na híomhánna agus ar na pointí atá luaite.**<br>• Fócas maith / Ábhar úrnua / smaointe cliste<br>• 5 phointe forbartha go maith<br>• Soiléireacht agus léiriú cumasach / líofacht, éagsúlacht<br>• Scríbhneoireacht eagraithe go maith | 35<br>33 - 34<br>30 - 32 |
| **Meán** | • Cuid den fócas caillte / Ábhar cuí / smaointe réasúnta<br>• Forbairt theoranta ar 3/5 phointe<br>• Réasúnta soiléir ach lochtanna le sonrú<br>• Scríbhneoireacht eagraithe de shaghas | 26 - 29<br>22 - 25<br>18 - 21 |
| **Íseal** | • Ag streachailt leis an bhfócas, ní soiléir go tuigeadh an cheist<br>• Iarracht forbairt a dhéanamh ar 1/5 phointe<br>• Smaointe loma le fíor bheagán forbairt<br>• Mí néata, mí eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste<br>• Stór focal theoranta le bearnaí móra agus botúin leanúnach. | 12 - 17<br>6 - 11<br>0 - 5 |

## Téacs don Chluastuiscint

### Ceist 1

Máire Ní Mhurchú an t-ainm atá ormsa agus is tréidlia mé. Tá clinic agam d'ainmhithe beaga sna Rosa i gContae Dhún na nGall. Is aoibhinn liom mo chuid oibre. Tugann daoine a gcuid peataí chugam nuair a bhíonn siad tinn nó nuair a bhíonn vacsaín le tabhairt dóibh. Madraí, cait, hamstair, éin agus coiníní is mó a fheicim anseo sa chlinic. Anois is arís bíonn obráidí le déanamh ar ainmhithe má bhíonn siad an-tinn nó má tharlaíonn timpiste dóibh. Uaireanta bíonn siad le coinneáil sa chlinic agus cabhraíonn na haltraí liom aire a thabhairt dóibh. Ligimid abhaile iad nuair a thagann biseach orthu.

### Ceist 2

Seo fógra ón nGarda Síochána. Tá na gardaí ag iarraidh stop a chur le gadaíocht i dTrá Lí i gContae Chiarraí. Bhris gadaithe isteach i dteach ar Bhóthar na Farraige oíche Dé hAoine seo caite. Goideadh airgead, uaireadóirí, ríomhairí agus teilifíseáin ón teach. Is cosúil nach raibh glas ar dhoras cúil an tí agus go raibh na gadaithe in ann siúl isteach sa teach gan aon stró! Moltar don phobal glas a chur ar na fuinneoga agus ar na doirse sula dtéann siad a chodladh san oíche agus sula n-imíonn siad as an teach sa lá. Moltar earraí luachmhara a choimeád as radharc an t-am go léir. Moltar freisin aláram a chur ar an teach más féidir.

### Ceist 3

#### Mír 1

| | |
|---|---|
| **Mamaí** | A Liam! Cad chuige a bhfuil tú sa leaba fós? Tá sé leathuair tar éis a hocht! |
| **Liam** | Á, a mhamaí … bhí an-droch-oíche agam aréir! Tá pian i mo bholg agus i mo cheann. Agus ó sea … i mo scornach freisin. Ar éigean atá mé ábalta bogadh ná caint … aaaa! |
| **Mamaí** | Pian? I do bholg, a deir tú? |
| **Liam** | Sea agus ná dearmad mo cheann agus mo scornach! Agus … agus … bhí mé ag caitheamh amach an oíche ar fad freisin! |
| **Mamaí** | Tá sé sin an-aisteach, a Liam. Bhí cuma bhreá shláintiúil ort nuair a chuaigh tú a luí aréir. |
| **Liam** | Chuaigh mé féin agus Seán go bialann ghasta inné. Seans gur ith mé an iomarca sceallóg nó uachtar reoite nó…nó… rud éigin, a mhamaí. |
| **Mamaí** | Nach tú an créatúr bocht a d'ith '*an iomarca sceallóg agus uachtar reoite*', a Liam. |
| **Liam** | Ó, tá mé marbh ag na pianta, a mhamaí! |

#### Mír 2

| | |
|---|---|
| **Mamaí** | Bhuel, a Liam, tá réiteach an-simplí agamsa ar an scéal seo … |
| **Liam** | Fanacht sa leaba agus gan dul ar scoil inniu? |
| **Mamaí** | Ní hea, ach éirí as an leaba, a chleasaí cliste! Is maith atá a fhios agam nach bhfuil pian ná tinneas de chineál ar bith ort! |
| **Liam** | Ach, a mhamaí! |
| **Mamaí** | Cuir ort do chulaith scoile anois díreach, a Liam! Tá do mhála scoile ag fanacht leat ag an doras tosaigh. |
| **Liam** | Ach … ach… ní fiú dul isteach don chéad rang. Féach an t-am! Tá sé ródhéanach anois! |
| **Mamaí** | Beidh tú díreach in am mar tabharfaidh mise ann sa charr thú! Agus a rascail, sheiceáil mé dialann na scoile freisin. Beidh tú díreach in am don scrúdú Mata ar a naoi a chlog! |
| **Liam** | Áaaa! Nach ormsa atá an mí-ádh! Cad is gá do dhuine a dhéanamh le sos a fháil na laethanta seo? |